

An tIniúchadh Turgnamhach Sínte a Chuir i gCrích

Thar thréimhse thrí seachtaine, tabharfaidh scoláirí faoi cheithre ghníomhaíocht a chuireann le tógáil na fianaise ar a gcuid foghlama agus gnóthachtála san ITS

- | | |
|-----------------------------|-----------------------------|
| A. Ceistiú agus tuar | B. Pleanáil agus déanamh |
| C. Próiseáil agus anailísiú | D. Machnamh agus tuairisciú |

Níl sé i gceist na gníomhaíochtaí a chur i láthair mar phróiseas righin líneach. Is féidir breathnú in athuair ar gach gníomhaíocht ag amanna difriúla agus scoláirí ag gabháil den iniúchadh.

A. Ceistiú agus Tuar

Don chuid seo den iniúchadh is féidir le scoláirí obair a dhéanamh ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga.

Ní mór do gach scoláire cuidiú le hobair an ghrúpa.

- An topaic a roghnú
- An cheist taighde a shocrú
- Eolas a bhailiú ar an teoiric chúlra a bhaineann leis an gceist taighde
- Mionchoigeartú a dhéanamh ar an gceist chun cabhrú le cosaint na hipitéise/an tuair a dhéanann siad
- Na foinsí faisnéise a thaifead
- An hipitéis/tuar a scríobh

B. Pleanáil agus Déanamh

Don chuid seo den imscrúdú is féidir le scoláirí obair a dhéanamh ina n-aonar nó i ngrúpaí. Ní mór do gach scoláire cuidiú le bailiú na sonraí.

- Taithí phraiticiúil sa tsaotharlann chun dearadh an turgnaimh a phleanáil agus a bheachtú
- Cinneadh cén trealamh agus cé na hábhair a bheidh ag teastáil
- Rioscaí féideartha ar bith a mheas
- Pleananna iniúchach aonar a scríobh
- Iad a chur isteach ina n-aonar le haghaidh ceadú iniúchadh
- An t-imscrúdú a dhéanamh
- Gach sonra a thaifead chomh maith leis na fadhbanna agus na hathruithe ar an modh a úsáideadh le linn aon réamhthástálacha agus le linn turgnaimh dheireanacha

C. Próiseáil agus Anailísiú

Don chuid seo den iniúchadh ní mór do scoláirí obair a dhéanamh ina n-aonar

- A gcuid sonraí féin a anailísiú
- Aon ríomh atá riachtanach a dhéanamh
- Meabhrú conas is fearr a gcuid sonraí a léiriú agus a anailísiú
- Patrúin agus gaoil a aithint sna sonraí
- Aon sonraí aimhrialta atá ann a mhíniú
- Na gaoil idir na hathróa a mhíniú
- Tátail a bhaint as na torthaí
- A lua cé acu a thacaíonn nó nach dtacaíonn na torthaí lena hipitéis nó lena dtuar.

D. Machnamh agus Tuairisciú

Is féidir le scoláirí obair a dhéanamh ina n-aonar nó i ngrúpaí chun a gcuid oibre a léiriú. Ba chóir iad a spreagadh chun léirmheas criticiúil a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla dá n-imscrúdú, amhail:

- dearadh an turgnaimh agus feabhsúcháin fhéideartha
- srianta ar na sonraí
- impleachtaí teoiriciúla nó praiticiúla féideartha ar bith lena gcuid torthaí
- iniúchadh eile bainteacha a d'fhéadfaidís a dhéanamh agus cad chuige

Ní mór do scoláirí obair a dhéanamh ina n-aonar chun tuairisc an iniúchadh a thiomsú, ag úsáid an eolais/na sonraí atá taifeadta acu ina gcuid taighde le linn an iniúchadh. Tuairisceoidh scoláirí a gcuid taighde agus torthaí i bhformáid a roghnaíonn siad féin. Más tuairisc lámhscríofa nó chlóschríofa an fhormaid a roghnaíonn siad, de ghnáth bheadh an tuairisc iomlán sa réimse tuairim ar 400 - 600 focal (gan táblaí, graif, liosta tagartha ná taifid taighde a chur san áireamh), ach níor chóir breathnú air sin mar riachtanas docht ach oiread.

Agus iad ag pleanáil ábhar a dtuairisce, ba chóir go mbeadh cur amach ag scoláirí ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun an leibhéal gnóthachtála a mheas a bhronnfar ar a gcuid oibre.